


Choctaw

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi fhear ón treibh Choctaw atá ina chónaí i nGaeltacht Dhún na nGall. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. (ath)dearbhú	a. <i>humanity</i>
2. daonnacht	b. <i>aborigine, aboriginal</i>
3. ag cur faoi	c. <i>a charitable deed</i>
4. tá go leor i bpáirt acu	d. <i>sea and mountain</i>
5. bundúchasach	e. <i>race, people</i>
6. macalla	f. <i>(re)affirmation</i>
7. beanna na gcnoc	g. <i>they share a lot</i>
8. gníomh carthanach	h. <i>echo</i>
9. tá go leor i gcoitinne acu	i. <i>living, settled</i>
10. muir agus sliabh	j. <i>they've plenty in common</i>
11. cine	k. <i>peaks of the hills</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11



Anois, breathnaigh ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar Waylon Gary White Deer agus ar an treibh Choctaw.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén áit go díreach i nDún na nGall atá Waylon ina chónaí?
2. Cén fáth ar ghabh an Taoiseach buíochas leis an treibh Choctaw?
3. Cén fáth a bhfuil Waylon ar a shuaimhneas i gCloich Chionnaola?

4. Cén fáth a mbeidh tuilleadh daoine ón treibh Choctaw ag teacht go hÉirinn amach anseo?

Ceist 4 Ag déanamh cur síos ar dhaoine

- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na habairtí thíos. Freagraigí na ceisteanna atá bunaithe orthu.

Tá gruaig **fhada dhonn ar** Shiobhán.

Tá súile móra **glasa ag** Tomás.

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'fada' agus 'donn'?
 2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Siobhán'?
 3. Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí 'mór' agus 'glas' san iolra?
 4. Cén fáth a mbíonn gruaig AR dhuine agus a mbíonn súile AG duine?
- B. Déan cur síos anois ar an triúr fear a bhí sa tuairisc: Maolra Mac Donnchadha, Ailbhe Ó Monacháin agus Waylon Gary White Deer.

Ceist 5 '... an Taoiseach, Leo Varadkar...'

Cad é an teideal oifigiúil atá ar na daoine seo a leanas:

Simon Coveney
Paschal Donohoe
Richard Bruton
Charles (Charlie) Flanagan

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad iad na cosúlachtaí atá ann idir cúlra na nÉireannach agus cúlra na treibhe Choctaw, dar leat?
2. An bhfuil coilíniú ag dul ar aghaidh in áiteanna ar an domhan sa lá atá inniu ann, dar leat? Mínigh.
3. Conas mar a chaitear le bundúchasaigh sna Stáit Aontaithe inniu, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
f	a	i	g	b	h	k	c	j	d	e

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

A.

1. Tá an t-ainmfhocal 'gruaig' baininsneach agus mar sin séimhítear an aidiacht/na haidiachtaí a leanann é.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ar' nuair atá ionad áirithe i gceist.
3. Tá an t-ainmfhocal 'súil' san iolra agus mar sin cuirtear na haidiachtaí a leanann é san iolra freisin.
4. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as '**ar**' más taobh amuigh den chorp atá na baill bheatha. Más taobh istigh den chorp atá siad, baintear úsáid as '**ag**'.

B.

Maolra Mac Donnchadha: Tá gruaig ghearr dhonn ar Mhaolra agus tá súile donna aige. Tá spéaclaí air freisin.

Ailbhe Ó Monacháin: Tá blagaid ar Ailbhe, nó is fear blagadach é, nó is fear maol é. Tá súile glasa aige.

Waylon Gary White Deer: Tá gruaig fhada dhonn ar Waylon agus tá súile donna aige.

Ceist 5

Simon Coveney: An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Paschal Donohoe: An tAire Airgeadais

Richard Bruton: An tAire Oideachais agus Scileanna

Charles Flanagan: An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Ceist 6

Is féidir gach grúpa (de thriúr nó de cheathrar) a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin déan na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Dearbhú eile ar an daonnacht, an buíochas a ghlac an Taoiseach, Leo Varadkar, leis an bpobal Choctaw in Oklahoma inné, a deir an t-aon duine den treibh sin atá ina chónaí in Éirinn.

Deir Waylon Gary White Deer, ealaíontóir agus scríbhneoir as Oklahoma, atá ag cur faoi i nGaeltacht Dhún na nGall, go bhfuil go leor i bpáirt ag Éireannaigh agus Choctaw.

Ailbhe Ó Monacháin

Sean-nós na mbundúchasach Choctaw as Oklahoma, ag baint macalla as beanna na gcnoc i nDún na nGall.

Waylon Gary White Deer

Is mise Waylon White Deer agus is as Oklahoma mé.

Ailbhe Ó Monacháin

In 1995 a thug Waylon, ealaíontóir agus údar den treibh Choctaw in Oklahoma, a chéad chuairt ar Éirinn. Tá sé anseo i nGaeltacht Chloich Chionnaola. I bhfad roimh chuairt an Taoisigh, Leo Varadkar, ar an phobal Choctaw inné, bhí a fhios ag Waylon faoin ghníomh carthanach a rinne a mhuintir féin in 1847, nuair a chuir siad bailiúchán airgid, \$170, go hÉirinn le linn an Ghorta Mhóir.

Deir Waylon gur athdhearbhú ar ár ndaonnacht atá i mbuíochas na tíre seo dá mhuintir féin inné, go bhfuil go leor i gcoitinne ag an Éireannach agus ag an Choctaw. Tá Waylon ar a shuaimhneas anseo lena chuid ealaíne, idir muir agus sliabh. Agus, ó tharla go bhfuil tréan Gaeilge thart air, ní thiocfaidh tart a choíche air.

Waylon Gary White Deer

Agus, pionta Guinness le do thoil.

Ailbhe Ó Monacháin

Faoi láthair, is é an t-aon duine den chine Choctaw anseo in Éirinn é, ach ní mar sin a bheas ar an bhliain seo chugainn, ó tharla go bhfuil scoláireachtaí staidéir insan¹ tír seo bronnta ag an Taoiseach ar mhic léinn Choctaw inné.

Cuirfimid fáilte roimh na daoine óga, nó mar a deir siad sa teanga s'acusan....

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i gCaiseal na gCorr, Contae Dhún na nGall.

¹ sa an leagan caighdeánach